SAMHRADH 2020

# RANNÁN CULTÚIR

Nuachtlitir Idirghníomhach



Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Fáilte go dtí an dara nuachtlitir idirghníomhach de chuid Rannán Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Tá lúchair mhór orainn a bheith ag obair i dtreo athbhunú céimnithe ar ár seirbhísí bunaithe ar Treochlár an Rialtais lena athoscailt, agus sábháilteacht ár bhfoireann agus an phobail á gcur san áireamh. Is dóigh go gcaithfear ár samhradh ar bhealach an-difriúil i mbliana.  Cé go leanann croí-obair ár seirbhísí uilig ón Rannán Cultúir ar aghaidh sa chúlra, tá súil againn go sóláthróidh na gníomhaíochtaí for-rochtana, na tionscadail agus na himeachtaí a bheidh fógraithe sa nuachtlitir seo roinnt rannpháirtíochta agus siamsaíochta a bhfuil géarghá leo sna míonna amach romhainn.  Cé acu ar mhaith leat do pháiste a spreagadh chun leanúint ar aghaidh ag léamh i rith an tsamhraidh le Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall, triail a bhaint  as roinnt oidis le ríomhleabhar oideas saor in aisce an Ionad Cultúrtha Réigiúnach, pléisiúr a bhaint as cláir ar líne Fhéile Ealaíne an Earagail agus Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, do thaithí paindéime a roinnt nó páirt a ghlacadh i ndúshláin staire, tá rud éigin ann do achan duine.

Ag guí  samhradh sábháilte agus spraíúil daoibh uilig.

*An Fhoireann Chultúir*

## Cruinniú na nÓg

Bhí Cruinniú na nÓg ar siúl i seomraí suí agus cistiní ar fud Dhún na nGall agus ar fud na hÉireann ar an 13 Meitheamh. Bhí deis iontach ag páistí agus daoine óga páirt a ghlacadh i réimse gníomhaíochtaí ar líne lena n-áirítear ceardlanna ar líne, mionfhéile ceoil don aos óg seoladh gearrscannáin agus ranganna teagaisc.

Cé go raibh roinnt imeachtaí beo, bhí ionchur ag teastáil ó imeachtaí eile roimh an lá mór agus tá siad ar fáil go forleathan ar líne anois.

Chuir cócairí óga le ríomhleabhar tiomnaithe *Recipes for Disasters.*

Thug mionfhéile cheoil don aos óg *"Alone Together"*, a d'eagraigh an tIonad Cultúrtha Réigiúnach i gcomhar leis an Loft, deis do cheoltóirí óga agus lucht leanúna ceoil a bhféile féin a chur le chéile.

D'éirigh go h-iontach leis an  gearrscannán *Gathering of the Force*, a léiríodh den chéad uair ar na meáin shóisialta Dé Sathairn. Léiríonn an scannán athléimneacht daoine óga ar fud na paindéime seo agus taispeántar an radharcra sármhaith ag Coróin Bhanba, Cionn Mhálanna.



*Deirfiúracha ag éirí cruthaitheach sa bhaile do Chruinniú  na nÓg. Grianghraf a bhuí le  Paul McGuckin*

FÉACH AR AN MÉID ATÁ ISTIGH:


**Leabharnann** L2

**Ionad Cultúrtha Réigiúnach** L3

**Ealaíon** L4

**Oidhreacht** L5

**Músaem** L6

**Cartlanna** L7




Táimid ag obair faoi láthair ar phlean chun ár seirbhísí leabharlainne a athbhunú de réir a chéile, agus táimid ag tnúth le bualadh le gach duine arís agus fáilte mhór a chur rompu, ag cuimhneamh ar shábháilteacht na foirne agus an phobail. Tá na leabharlanna seo a leanas ag cur seirbhís brabhsála agus iasachta ar fáil, áit ar féidir le baill na leabharlainne míreanna a thabhairt ar ais:

- Bun Cranncha (Ceantar Bardais Inis Eoghain)
- Lárleabharlann (Ceantair Bardais Leitir Ceanainn)
- An Dá Bhaile (Ceantar Bardais Shrath an Urláir)
- Bun Dobhráin (Ceantar Bardais Dhún na nGall)
- Gaoth Dobhair (Ceantar Bardais na nGleanntach)

Tá réimse leathan acmhainní ar líne saor in aisce againn fosta 24/7. Le haghaidh tuilleadh eolais téigh go www.donegallibrary.ie

Healthy Ireland at your Library

Mar chuid den chlár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann tá áthas mór ar an tSeirbhís Leabharlainne a fhógairt go mbeidh an Dr Mary O'Kane ag óstáil dhá fhíseán ar ár leathanach Facebook Dé Sathairn 11ú agus Dé Sathairn 18 Iúil ag 11r.n. Léachtóir san Oideachas agus sa tSíceolaíocht is ea an Dr O'Kane. Is rannpháirtí rialta í Mary ar an chlár teilifíse Ireland AM agus ar an Raidió maidir le saincheisteanna tuismitheoireachta agus oideachais. Amharc ar an vótaíocht ar líne ar ár leathanach Facebook chun cinneadh a dhéanamh faoi na hábhair a labhróidh an Dr O'Kane fúthu.
Tá vótaíocht imeachta David Coleman ar siúl go fóill agus ba mhaith linn tú d'aiseolas a thabhairt dúinn air sin le do thoil.

**Leabhar Cheanannais curtha le Bailiúchán Staidéar Dhún na nGall**

Cheannaigh Leabharlann Chontae Dhún na nGall eagrán macasamhla fíorálainn de Leabhar Cheanannais. Ceaptar gur an pobal mainistreach a bhunaigh Naomh Colm Cille/Columba ar Oileán Í a chuir Leabhar Cheanannais le chéile. Tugadh an lámhscríbhinn bhunaidh go dtí an mainistir i gCeanannas, Contae na Mí, chun éalú ó chreach na Lochlannach ar phobal Í sa naoú haois.
Beidh an breisiú úr seo mar chuid dár gClár Cholm Cille 1500.

**Réaltaí Samhraidh – Clár Léitheoireachta an tSamhraidh**

Reáchtálfar Clár Léitheoireachta Réaltaí Samhraidh i rith mhí Iúil agus Lúnasa agus is bealach iontach é le dícheangal. Ní chiallaíonn sé seo gur chóir duit do theicneolaíocht a thréigeadh ach oiread — Tá go leor closleabhair agus r-leabhair iontacha ann a chuideoidh leat, thig úsáid a bhaint as aip BorrowBox. Tá sé seo saor in aisce do gach ball le húsáid ó áit ar bith, am ar bith!

Tá fonn ar an tseirbhis leabharlainne ceangal a dhéanamh arís lenár léitheoirí óga trínár gclár spreagúil. Beidh go leor gníomhaíochtaí ar fáil duit, mar shampla:

. Tráth na gCeist Ar Líne . Comórtas Scéalta
· Am Scéalaíochta Ar Líne . Duaiseanna

Coinnigh súil ar ár leathanach Facebook sna seachtainí amach romhainn, mar beidh go leor ann le siamsaíocht a thabhairt duit i rith an tsamhraidh!


wainfest Children's Arts & Book Festival

Beidh Wainfest na bliana seo ar siúl ón 3ú-11ú Deireadh Fómhair. Amharc ar www.wainfest.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

**Seirbhísí Céadfacha Nua i Leabharlanna Dhún na nGall**

Tá Leabharlann Chontae Dhún na nGall ag forbairt seirbhísí céadfacha i go leor dár leabharlanna. Is í an aidhm ná cur leis an eispéireas leabharlainne agus seirbhísí atá ar fáil do thuismitheoirí agus do chúramóirí páistí agus daoine fásta a bhfuil laigí céadfacha agus deacrachtaí foghlama acu. Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmhail le do thoil le Ciara Cunnane ag ccunnane@donegalcoco.ie

*Balla céadfach úr ag Leabharlann Phobail Bhun Cranncha. Grianghraf a bhuí leLeabharlann Chontae Dhún na nGall*



**Clubanna Leabhar Ar Líne**

Coinnigh súil amach faoi choinne sonraí ár gclubanna leabhar ar líne ag teacht go luath....



**Clár na bPáistí san Ionad Cultúrtha Réigiúnach - Seoladh Ríomhleabhar saor in aisce '*Recipes For Disasters*'.**

Cad a thig liom a dhéanamh nuair nach bhfuil rud ar bith sa phrios agus nuair atá paindéim taobh amuigh?

Tá méadú mór tagtha ar chócaireacht stórphriosa i roinnt áiteanna ar an domhan agus baineann sé le hoidis ag baint úsáide as na comhábhair neamhúsáide sin a bhíonn ina luí istigh ar chúl an phriosa.

D'iarramar ar theaghlaigh agus ar dhaoine óga atá ina gcónaí i nDún na nGall a gcuid Oidis Dianghlasála a thástáil agus na cinn is fearr a roinnt linn. Mar sin, faigh amach na cupáin tomhais sin agus bain an dusta de na scálaí sin, agus bain triail as ár n-oidis le haghaidh tubaistí. Tá 12 oideas sa ríomhleabhar a chuir páistí ó gach cearn de Dhún na nGall isteach. Tabhair cuairt ar www.regionculturalcentre.com chun do chóip saor in aisce a íoslódáil.




**Bailliúchán Joe McGarrigle**

Taispeánfaidh an tIonad Cultúrtha Réigiúnach gnéithe laethúla den bhailiúchán nua-dhigitithe seo ón 15 Meitheamh go dtí an 28 Meitheamh agus é mar aidhm taispeántas fisiceach a chur ina choimeádaí i 2021.

Rugadh Joe McGarrigle i 1916 agus d'oibrigh sé mar oifigeach cléireachais le CIE i mBaile Dhún na nGall. Foilsíodh a chéad ghearrscéal agus é go fóill sna déaga, d'obair sé leis ina shaor-iriseoir tiomnaithe, post a leanfadh sé air go dtí go bhfuair sé bás tobann sa bhliain 1993.

Chlúdaígh Joe a lán imeachtaí laethúla. Féilte, tragóidí, polaitíocht, canbhasáil agus gach rud idir eatarthu. Ba é an duine 'áitiúil' é ar RTE mar a chomhfhreagraí Thiar Thuaidh roimh Tommie Gorman agus Eileen Magnier, agus bhí sé ina ghlacadóir nótaí i mBaile Dhún na nGall do na nuachtáin áitiúla go léir.

**Sarah E Cullen san Ionad Cúltúrtha Réigiúnach mar cheann dá Ealaíontóirí Cónaithe Fíorúla i Meitheamh 2020**

Tar éis fuaimrian a chruthú cheana féin do léiriúcháin de chuid an BBC, le taithí mhaith mar cheoltóir seisiúin agus mar mar il-ionstraimí, agus tréithe atmaisféaracha inaitheanta a chur le ceirníní eile, léiríonn an tionscadal nua seo an t-ealaíontóir seo as Carraig Áirt ag samhlú agus ag athshamhlú radhairc den saol fíor agus draíocht sa ghnáthshaol, mar a léirítear sa *The Reflection Box*.

Tá dhá shingil eisithe ag Sarah go dtí seo faoin ainm *The Reflection Box* – *Buckets Of Rain* le Bob Dylan agus an clasaic *For What It's Worth* leis an Crosby, Stills & Nash – ceanáin athshamhlaithe ag an ealaíontóir.

Cuireadh tús leis an albam *The Reflection Box* atá le scaoileadh sna míonna amach romhainn, i stiúideonna taifeadta fuaime Amberville, i gContae Aontroma, agus tá sé á chríochnú ag stiúideonna taifeadta fuaime Attica ar An Tearmann faoi láthair.

"Tá lúchair mhór orm gur iarradh orm páirt a ghlacadh i sraith an Ealaíontóir Cónaithe Fíorúil san Ionad Cultúrtha Réigiúnach mar go dtabharfaidh sé spreagadh fáilteach dom chun amhrán / fonn a chumadh gach seachtain. Tabharfaidh sé deis dom roinnt seanleaganacha ó mo chuid Albam is fearr leis an lucht éisteachta a atheagrú fosta"a dúirt sí.



Lean leathanaigh mheáin shóisialta an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh le haghaid tuairiscí ar chónaitheacht Sarah E agus ar Bhailiúchán Joe McGarrigle.

# EALAÍON

### 32ú Féile Ealaíon an Earagail

Mar gheall ar phaindéim Covid, tá Féile Ealaíon an Earagail ag dul ar líne i mbliana agus tá áthas uirthi an clár digiteach 18 lá saor in aisce, Srutháin ('streams') a chur i láthair ón 9 Iúil-26 Iúil.

I measc na bpríomh imeachtaí beidh saothair nua agus choimisiúnaithe in achan réimse; an focal labhartha, ceol, sorcais agus damhsa le healaíontóirí agus cuideachtaí mar Comhlucht Damhsa Ériu le chuid Breandán de Gallaí, Tumblecircus as Béal Feirste, an Giotáraí Steve Cooney atá bunaithe i dTeileann, Clán Uí Mhaonaigh as Gaoth Dobhair, The Henry Girls, an file Anne Marie Ní Churreáin as An Fhál Charrach, na ceoltoirí Maighréad agus Tríona Ní Dhómhnaill as Rann na Feirste chomh maith le ceoltoirí agus taibheoirí ar nós Little John Nee, amharcealaíontóirí Christy Keeney agus Ian Gordon, scríbhneoirí Dermot Bolger agus Cathal Ó Searcaigh.


Seolfar an clár iomlán do Sruthán, lena n-áirítear amanna agus dátaí craolta, ar shuíomh Gréasáin na féile www.eaf.ie ar an 29 Meitheamh.




*Na "Henry Girls" i Málainn Grianghraf a bhuí le Féile Ealaíon an Earagail*

### Cathal Ó Searcaigh le Maighréad and Tríona Ní Dhómhnaill, ag Dámhlann an Ghleanna

Go traidisiúnta mar bhuaicphointe bliantúil samhraidh, mheall na cruinnithe liteartha, arna óstáil ag Cathal Ó Searcaigh ag Dámhlann an Ghleanna, Gort a 'Choirce, lucht féachana mór chun taitneamh a bhaint as rogha de na scríbhneoirí, amhránaithe agus ceoltóirí is fearr in Éirinn thar na blianta. De bharr an phaindéim COVID-19, áfach, déanfar tráthnóna an tsamhraidh seo le Cathal agus Maighréad agus Tríona Ní Dhómhnaill, a réamhthaifeadadh agus a chraoladh ar ardán ar líne Fhéile Ealaíon an Earagail tráthnóna Dé Luain, 20 Iúil.



*Steve Cooney. Grianghraf a bhuí le Con Kelleher*

### Oíche Chultúir 2020

Beidh Oíche Chultúir na bliana seo ar siúl Dé hAoine 18ú Meán Fómhair. Beidh an tráthnóna bunaithe ar mheascán d'imeachtaí beo, ábhar a taifeadadh cheana féin agus imeachtaí beo a chloíonn le rialacha Scaradh Sóisialta a bheidh ann. Céim bheag shuntasach le bealach ar ais go dtí imeachtaí beo a chur ar fáil arís i ndiaidh COVID-19.

Cé go bhfuil clár na n-imeachtaí á chur le chéile faoi na rialacha a bhaineann le COVID-19, ní bheidh an líon ard imeachtaí ann cosúil leis na blianta roimhe. Beidh líon beag imeachtaí coimeádta ann, in áiteanna éagsúla ar fud an chontae thar thréimhse níos faide ama agus is féidir taitneamh a bhaint as go leor acu go foil, ar line, tar éis Oíche Chultúir.

Beidh Rannán Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall chun tosaigh i gcomhordú an chlár imeachtaí faoi threoir Leabharlann Chontae Dhún na nGall, Múseam an Chontae, An tIonad Cultúrtha Réigiúnach, Amharclann An Grianán agus seirbhísí Oidhreachta, Cartlainne agus Ealaíon na Comhairle Contae. Tuilleadh eolais ar leathanach Facebook Oíche Chultúir.



*Anne Marie Ní Churreáin ag léamh i dTeach Cúirte Leitir Ceanainn d'Oíche Cultúir 2019. Grianghraf a bhuí le Pól McGuckin*



*Ceoltóirí Rann na Feirste Maighréad agus Tríona Ní Dhómhnaill*

### Tionscnamh Bailte Stairiúla Lána na hEaglaise

Tá tús curtha arís leis  an tionscal tógála ó lár mhí na Bealtaine, tá na hoibreacha caomhnaithe faoi Thionscnamh na mBailte Stairiúla beagnach críochnaithe. Bhí an-chomhoibriú idir, agus inbheartú ag, Comhairle Chontae Dhún na nGall, Coiste Ceathrú Ardeaglaise Leitir Ceanainn, An Chomhairle Oidhreachta, Ailtireacht Dedalus, tiarnaí talún agus muintir na háite. Thug an tionscnamh tacaíocht do obair chaomhnaithe le haghaidh seacht bhfoirgneamh stairiúla, díonta agus simléir a dheisiú san áireamh, fuinneoga agus doirse saise adhmaid a chur ar ais, rindreáil agus pointeáil aoil a chur i bhfeidhm, córas dramhaíola iarann teilgthe do uisce báistí agus éadan siopa stairiúil a dheisiú. Ba é an obair dheireanach a cuireadh i gcríoch ná péinteáil éadan na siopaí. An chéad uair eile a bheidh tú i Leitir Ceanainn, caith súil ar an obair iontach seo atá deánta faoin tionscadal seo a bhfuil gradaim buaite aige. Tuilleadh eolais ar fáil ar leathanach

NATIONAL HERITAGE WEEK 2020 15-23 AUG

### Seachtain Náisiúnta Oidhreachta

Beidh Seachtain Náisiúnta Oidhreachta ar siúl ón Satharn 15ú go dtí 23ú Lúnasa, ach ní mar is eol dúinn é. Tá muid ag tabhairt cuireadh don phobail a bheith páirteach i dtionscadal a chríochnóidh le linn Seachtain Náisiúnta Oidhreachta. Is é téama thionscadal na bliana seo na Oidhreacht agus Oideachas:  Ag foghlaim ónar nOidhreacht. Tuilleadh eolais ar fáil ar www.heritageweek.ie



*Grianghraf a bhuí le Collette Beattie*

### Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí


Ba mhór an fhreagairt a fuarthas ar an scéim, le 44 iarratas ó gach cearn den chontae. Is é an rud atá i gceist leis an scéim  na sainchomhairle a thabhairt do úinéirí na dtithe ceann tuí maidir le caomhnú agus airgead a chur ar fáil le haghaidh deisiúcháin mhionscála. Tairgeadh deontais airgid anois do áiteanna cónaithe, tithe seachtracha, tithe ar cíos agus gnólachtaí. Tugann an scéim tacaíocht do úineirí tí, agus fostaíocht do thuídóirí áitiúla sna hamanna deacra seo.

### Leabhrán ar Gharraíodoireacht don Bhithéagsúlacht

Ba mhór an ráchairt atá ar an Leabhrán atá curtha le chéile ag Juanite Browne i gcomhpháirt le Líonra na nOifigeach  Oidhreachta a thugann eolas ar rudaí a thig leat a dhéanamh chun tacú le fiadhúlra i do ghairdín.

Fuair Oifig Oidhreachta Co Dhún na nGall 600 iarratas le mí anuas.  Is féidir cóip saor in aisce a ordú ar 074 9172576 nó ar ríomhphost heritage@donegalcoco.ie

Biodiversity Booklet



Músaem Chontae Dhún na nGall

Donegal County Museum




*Grianghraf a bhuí le*
*Músaem Chontae Dhún na nGall*

**Stair ár linne fein - Ag bailiú eolais ar shaol na ndaoine i nDún na nGall le linn COVID-19**

Tá an tionscadal seolta ag an Rannán Cultúrtha. De ghnáth baineann an stair le himeachtaí a tharla san am a chuaigh thart. Ag an am ceánna tá muid ag déanamh stair faoi láthair. Cuidigh linn bailiúchán eolas ar an saol i nDún na nGall a chur le chéile agus an sceal a chur le scéal an domhain mhór i rith na hócaide stairiúla seo.

An bhfuil tú ag obair ón bhaile? An bhfuil to ag múineadh do chuid páistí sa bhaile, ag tabhairt aire do thuismitheoiri nó comharsana aosta? B'fhéidir nach bhfuil tú ag obair mar gheall ar easpa oibre nó gur cuireadh as do phost thú? Ar thosaigh tú ag bácáil? An bhfuil an iomarca rolla leithris agat? An bhfuair tú féin nó ball den teaghlach COVID-19?

Tá muid ag iarraidh ar dhaoine litreacha, dialanna, líníochtaí, grianghraif nó físeáin a chur isteach chugainn. Tá suim againn fosta rudaí éagsúla a bhaineann le COVID-19 a bhailiú, ina measc Trealamh Cosanta Pearsanta (nuair nach bhfuil sé de dhíth níos mó), póstaeir, bileoga etc.

Úsáidfear an t-ábhar uilig chun cuidiú linn bailiúchán a chur le chéile lena n-inseofar scéal Dhún na nGall le linn na paindéime.

Tuilleadh eolais ar ár leathanach facebook.

**Súil chun tosaigh**

Tá an músaem ag tnúth le hoscailt sna seachtainí amach romhainn.

Beidh taispeántas nua againn ina dtabharfar aird ar scéal an Iarnróid i nDún na nGall agus cuirfimid tús le hobair ar thaispeántas faoi thionchar Chogadh na Saoirse, Chogadh na gCarad agus na Críochdheighilte ar phobail i nDún na nGall.

Ma tá scéalta nó grianghraif teaghlaigh agat ar mhaith leat a roinnt, déan teagmháil leis an Mhúsaem ag museum@donegalcoco.ie .


Táimid ag tnúth go mór le fáilte a chur roimh achan duine ar ais.



*Baill de Chumann na mBan i n Garrán Duckett, Co Cheatharlach, 1921: May de Búrca, Eithne Ní Chumhaill (Co.Dhún na nGall) agus Linda Kearns. Creidmheas Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall*




*Staisiún Traenach Chúl na gCuirridín*
*Grianghraf a bhuí le: Músaem Chontae Dhún na nGall*




*Dúshlán staire a bhaineann leis na chéad bhaill den Gharda Síochána, curtha ar Facebook – ar leathanach "Echoes of the Decade"*

### "Echoes of the Decade" ar Facebook

Tá comhthionscadal Peace IV de chuid na Cartlainne agus an Mhúsaeim Contae faoi shnáithe "Building Positive Relations" ar siúl ó Eanáir 2020. Baineann sé le teagmháil le daoine óga ar théama leathan na staire agus ar oidhreacht na mblianta réabhlóideacha in Éirinn, 1912 - 1923. B'éigean an tionscadal iomlán a chur ar líne i ndiaidh do scoileanna a bheith dúnta ar an 12 Márta de bharr na paindéime COVID-19.


Tá Alarnagh Barrett McGinley, comhordaitheoir an tionscadail, ag dearadh agus ag ullmhú acmhainní digiteacha do mhúinteoirí agus do mhic léinn. Bhunaigh sí leathanach poiblí Ghrúpa Facebook dar teideal "Echoes of the Decade", cuid de leathanach Facebook Chartlann Chontae Dhún na nGall.

Tugtar cuireadh do bhaill den phobal, daoine fásta agus páistí as Dún na nGall agus níos faide ó bhaile a bheith páirteach sna dúshláin rialta staire a chuirtear suas ar an leathanach Facebook seo. Tá dúshlán amháin ann do dhuine óg glaoch ar sheantuismitheoir nó gaol níos sine agus iad a chur faoi agallamh ar stair a gceantair nó ar oidhreacht Dheich mBliana na gCuimhneachán, leis an cogadh cathartha agus an chríochdheighilt san áireamh. Iarrann dúshlán eile ar dhaoine a n-áiléar a chuardach nó na halbaim grianghraf is sine a thabhairt amach agus grianghraif a fháil de dhaoine, imeachtaí nó áiteanna ó chomh fada siar sa 20ú haois agus is féidir. Is féidir le rannpháirtithe foinsí ar líne a úsáid chun a fháil amach an ndeachaigh a sinsir isteach sa Gharda Síochána nuabhunaithe nó an raibh baint acu le Cogadh na Saoirse. Tá éileamh mór ar raon leathan dúshlán. Uaslódáladh scéalta, aistí agus grianghraif a bhaineann le stair pholaitiúil agus shóisialta bhailte fearainn, sráidbhailte agus daoine i nDún na nGall. Tá fáilte roimh chách páirt a ghlacadh.

Peace
EUROPEAN UNION
Northern Ireland - Ireland
European Regional Development Fund

### An Rannán Cultúrtha agus an Ginealas

Mar chaomhnóirí ar chomhchuimhne an chontae, tá acmhainní stair mhuintire ina seirbhís an-tábhachtach de chuid an Rannáin Chultúir. Tá treoir úr ar na hacmhainní do ghinealas foilsithe ag an tseirbhís Leabharlainne, an Músaem agus an Chartlann. Sonraítear sa leabhrán maisithe *Do Theaghlach Conallach/Your Donegal Family*, an t-ábhar cartlainne, rudaí, leabhair, irisleabhair agus nuachtáin arb iondúil a bheith ar fáil sna leabharlanna go háirithe roinnt Staidéir Dhún na nGall, sa Lárleabharlann, i Músaem an Chontae i Leitir Ceanainn agus i gCartlann an Chontae i Leifear. Soláthraíonn an leabhrán treoir fosta maidir le hacmhainní seachtracha agus ar líne agus eagraíochtaí eile atá úsáideach don ghinealas. Tá siad seo ar fad ar fáil saor in aisce ar líne agus tú ag déanamh taighde ar do chrann teaghlaigh agus ár n-áiseanna dúnta don phobal. Tá leideanna iontacha ann maidir le conas an taighde a thosú. Is i Meitheamh 2020 a sheolfar an leabhrán agus beidh sé ar fáil ar líne.


COUNTY OF DONEGAL.
POLLING DISTRICT OF NEWTOWNCUNNINGHAM.

*Tógtha as Clár Toghcháin 1914*
*Cartlainn Dhún na nGall*